| SCRÚDUIMHIR ☞ | |
|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

**GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I**

**(150 marc)**

**DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

**Don Scrúdaitheoir** ☞

| CUID | A | | B | | C | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEIST | 1 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | |
| Cluastuiscint | | | GAEILGE → | | | | |
| | | | Iomlán na marcanna → | | | | |

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

**N.B. Caithfear an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.**
Scríobh freagraí ROINN I ar an scrúdpháipéar féin.
Scríobh freagraí ROINN II, ROINN III agus ROINN IV i do fhreagarleabhar.



THALL →

| ROINN I | CLUASTUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**N.B. NÍ MÓR NA FREAGRAÍ AR FAD A SCRÍOBH AS GAEILGE.**

## CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó bheirt daoine óga sa chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh **faoi dhó**.
Beidh sos tar éis gach píosa a chloisfidh tú chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach giota cainte a fhreagairt. Éist go cúramach leis na giotaí cainte agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1** agus **2** thíos.

### 1. AN CHÉAD CHAINTEOIR

| **Ainm** | ***Nuala Ní Fhlatharta*** |
|---|---|
| Cad as do Nuala? | |
| Cén scoil a bhfuil Nuala ag freastal uirthi? | |
| Luaigh **dhá** ábhar scoile a thaitníonn le Nuala. | (i) |
| | (ii) |
| Cad a deir a máthair faoi Nuala agus a cuid cócaireachta? | |

### 2. AN DARA CAINTEOIR

| **Ainm** | ***Aindréas Ó Colla*** |
|---|---|
| Cár rugadh Aindréas? | |
| Breac síos **dhá** phointe eolais faoi athair Aindréis. | (i) |
| | (ii) |
| Cén aois a bhí Aindréas nuair a tháinig sé go hÉirinn? | |

## CUID B

Cloisfidh tú fógra agus píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach ceann díobh **faoi dhó**.
Éist go cúramach leo. Beidh sos tar éis gach ceann chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a ghabhann le gach ceann acu a fhreagairt.

**1.** **FÓGRA**

**(a)** Cén t-ainm atá ar an iris Ghaeilge idirlín a luaitear san fhógra?

______________________________________________

**(b)** Cé mhéad a chosnaíonn síntiús bliana?

______________________________________________

**(c)** Luaigh **dhá** ábhar/thopaic a bhíonn ar fáil san iris.

______________________________________________

**2.** **PÍOSA NUACHTA**

**(a)** Cén fhéile a bheidh ar siúl in Montana i mbliana?

______________________________________________

**(b)** Luaigh **dhá** rud a mbíonn béim orthu le linn na féile.

______________________________________________



THALL →

## CUID C

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír iad an dara huair. Beidh sos tar éis gach míre díobh chun seans a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt.

**1.** **COMHRÁ A hAON**

**An Chéad Mhír**

**(a)** Cén fáth ar chuir Brian glaoch ar Shiún?

______________________________________________

**An Dara Mír**

**(b)** Cén t-óstán ina mbeidh an ócáid a luaigh Brian le Siún?

______________________________________________

**(c)** Cén t-am a shocraigh Siún bualadh le Brian?

______________________________________________

**2.** **COMHRÁ A DÓ**

**An Chéad Mhír**

**(a)** Luaigh bua **amháin** atá ag Evanna Lynch agus Matthew Lewis, dar le Máire agus Bríd.

______________________________________________

**An Dara Mír**

**(b)** Breac síos tréith **amháin** a deir Máire atá ag Jack, buachaill nua Amanda.

______________________________________________

**(c)** Cá mbeidh Bríd ag dul le Jack?

______________________________________________

**Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 1.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (20 marc)**

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar ailt sna nuachtáin) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

# SEÓ TALLAINNE NA hÉIREANN

**1.** Tá Seó Tallainne na hÉireann ar an bhfód anois le dhá bhliain anuas. Is í Gráinne Seoige a chuireann an seó i láthair. Freastalaíonn an seó ar shean agus ar óg. Is cinnte gur seó ilghnéitheach é mar glactar le hamhránaíocht ar an sean-nós, rince ar an sean-nós, hip hop, bailéid, roc, coiméide, amhráin tíre, gleacaíocht agus ceoldrámaí gan ach roinnt de na gníomhartha a lua.



**Na Moltóirí agus an Láithreoir**

**2.** Roinntear an tír ina cúig réigiún. Tá cúigear moltóirí ann, Shane Lynch, Bláthnaid Ní Chofaigh, Dana, John Creedon agus Dáithí Ó Sé. Bíonn trialacha ar siúl i ngach réigiún i rith mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair chun na hiomaitheoirí is fearr a roghnú. Má bhíonn gá le ceol sa chúlra nó frapaí d'aon saghas bíonn ar gach iomaitheoir iad a bhreith leis nó léi.

**3.** Tá lucht féachana ollmhór ag Seó Tallainne na hÉireann. Féachann thart ar 600,000 duine ar an gclár seo go rialta. Ní haon ábhar iontais é seo toisc go mbíonn dianchoimhlint idir na hiomaitheoirí, na moltóirí agus na ceantair éagsúla. Thar aon rud eile, tá an clár seo bunaithe ar bhród as d'áit dúchais féin.

**4.** Bíonn ceiliúradh ann nuair a éiríonn le hiomaitheoir dul ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile. Titeann na deora go faíoch, áfach, nuair a theipeann ar iomaitheoir dul ar aghaidh. Is triúr deartháireacha as Inis Mór, Oileáin Árann, na Maolchiaráin, a bhuaigh an comórtas anuraidh. Bhí an ceol traidisiúnta agus an rince ar an sean-nós go smior iontu. Is í Chloe Coyle cailín óg a bhfuil glór draíochtach aici a bhuaigh i mbliana.

**5.** Tá blas Éireannach ar an seó seo. Níl sé cosúil le *X Factor* ná *American Idol*. Tá na hiomaitheoirí ag brath cuid mhór ar an tacaíocht áitiúil. Deirtear go bhfuil go leor cosúlachtaí idir Seó Tallainne na hÉireann agus na comórtais a ritheann an Cumann Lúthchleas Gael. Tosaíonn Seó Tallainne na hÉireann go háitiúil agus críochnaíonn sé le Craobh na hÉireann.

## Ceisteanna (iad ar cómharc)

**(i)** (a) Cé a chuireann Seó Tallainne na hÉireann i láthair?
(b) Luaigh **dhá** chineál gníomhartha a léiríonn gur seó ilghnéitheach é Seó Tallainne na hÉireann.

**(ii)** (a) Cén aidhm atá leis na trialacha réigiúnacha?
(b) Cé a chuireann ceol sa chúlra nó frapaí ar fáil?

**(iii)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil lucht féachana ollmhór ag Seó Tallainne na hÉireann.

**(iv)** (a) Luaigh mothúchán **amháin** a léirítear nuair a theipeann ar iomaitheoir dul ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile.
(b) Luaigh **dhá** thréith a bhí ag na Maolchiaráin.

**(v)** (a) Cad air a mbraitheann iomaitheoirí den chuid is mó?
(b) Luaigh **dhá** chosúlacht idir Seó Tallainne na hÉireann agus comórtais a ritheann Cumann Lúthchleas Gael.



**Chloe Coyle, Buaiteoir 2010**

**B (20 marc)**

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar eolas atá ar fáil ag www.tg4.ie ) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.




1. Gach bliain eagraíonn TG4 comórtas scannán do dhaltaí iarbhunscoileanna na tíre. Is obair ghrúpa a bhíonn i gceist ann agus leagann TG4 béim air sin. Caithfidh sé a bheith soiléir do na moltóirí gur leis na daltaí féin na bunsmaointe agus an cur chuige san iarratas a chuireann siad isteach. Oibríonn an múinteoir mar threoraí. Seolann grúpa daltaí cuntas gairid ar scéal an scannáin, chomh maith le script Ghaeilge don scannán, chuig TG4.

2. Roghnaíonn na moltóirí gearrliosta de na hiarrachtaí is fearr, dar leo. Cuireann TG4 stiúrthóir agus foireann ghairmiúil ar fáil chun scannáin a dhéanamh de na scripteanna a roghnaítear. Bronntar na duaiseanna ar na buaiteoirí gach bliain sa Lárionad Scannán i mBaile Átha Cliath. Ag an ócáid sin taispeántar na scannáin agus fógraítear na buaiteoirí náisiúnta. Craoltar na scannáin ar fad ar TG4.

3. Téann na buaiteoirí náisiúnta chuig Féile Scannán *Ciak* san Iodáil. Is í Féile Scannán *Ciak* an Chraobh Dhomhanda le haghaidh scannáin scoile agus bíonn buaiteoirí ó thíortha eile ann – ón Eoraip, ón Afraic Theas agus ón tSín. Is mór an onóir é do na daltaí a bheith ann thar ceann a dtíortha.

4. Tá ag éirí thar cionn leis an gcomórtas náisiúnta anseo in Éirinn agus tá líon na n-iarratas ó na scoileanna ag dul i méid ó bhliain go bliain. Tá TG4 thar a bheith sásta leis an dul chun cinn seo. Ba iad na scoileanna a ndearnadh scannáin dá gcuid scéalta anuraidh ná: Pobalscoil Chaisleán Chnucha, Baile Átha Cliath; Grianán Mhuire, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí agus Meánscoil Chnoc na Labhrás, Luimneach. Comhghairdeas leo.

## Ceisteanna (iad ar cómharc)




**(i)** Cad iad an **dá** rud a sheolann grúpa daltaí chuig TG4 chun cur isteach ar an gcomórtas scannán?

**(ii)** (a) Cén áit i mBaile Átha Cliath a mbronntar na duaiseanna?
(b) Luaigh rud **amháin** a tharlaíonn ag bronnadh na nduaiseanna.

**(iii)** (a) Cá mbíonn Féile Scannán *Ciak* ar siúl?
(b) Luaigh scoil **amháin** a ndearna TG4 scannán dá scéal anuraidh.



**(iv)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
**'Caithfidh na daltaí a bheith lárnach i gcomórtas scannán TG4.'**

**Alt 1 =** ☐ **Alt 2 =** ☐ **Alt 3 =** ☐ **Alt 4 =** ☐

**(v)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
**'Tá seasamh idirnáisiúnta ag comórtas scannán TG4.'**

**Alt 1 =** ☐ **Alt 2 =** ☐ **Alt 3 =** ☐ **Alt 4 =** ☐

**Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 2.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (10 marc)**

Scríobh Shauna Ní Shúilleabháin an phróifíl seo den scríbhneoir Alex Hijmans. Nuair a bhí an phróifíl scríofa aici chonaic sí go raibh cúpla botún déanta aici. Tá cuid de na briathra san aimsir mhícheart aici.

Léigh an phróifíl a chum Shauna. Ansin athscríobh an phróifíl i do fhreagarleabhar agus cuir na briathra a bhfuil líne fúthu san **Aimsir Chaite**.


**Sampla:**

'**Bhog** sé go Gaillimh i 1995 chun Gaeilge a fhoghlaim.'

## Turas Teanga

Rugadh Alex Hijmans in Heemskerk san Ísiltír i 1975. **Bogfaidh** sé go Gaillimh i 1995 chun Gaeilge a fhoghlaim. **Bainfidh** sé an tArd-Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach amach ina dhiaidh sin. **Oibreoidh** Alex le Foinse, Raidió na Gaeltachta, RTÉ agus Nuacht TG4. **Beidh** a dhráma *Aingilín* ar siúl i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh in 2002. Sa bhliain 2007 **rachaidh** Alex go Meiriceá Theas. Tá eolas againn faoi seo toisc **go scríobhfaidh** Alex leabhar nua i nGaeilge le déanaí dar teideal *Favela*.





## B (10 marc)

Giota téacs as suíomh gréasáin www.feachtas.ie atá anseo thíos. Athscríobh na habairtí i do **fhreagarleabhar** agus líon na bearnaí leis an bhfocal (na focail) is oiriúnaí agus scríobh an leagan ceart de na focail/figiúirí atá idir lúibíní.

**Sampla:**

Fáilte **romhat** chuig www.feachtas.ie

Feachtas

Fáilte ………..……… chuig www.feachtas.ie

Tá eolas faoin eagraíocht *Feachtas* ………..……… an suíomh gréasáin seo.

Bunaíodh *Feachtas* sa bhliain (1980) ………..………

Tá a lán daoine óga páirteach ………..……… eagraíocht seo.

Is daoine óga faoi ocht ………..……… déag d'aois atá i bh*Feachtas*.
(a) bliain (b) bhliana (c) blianta (d) mbliana

Cuireann *Feachtas* an Ghaeilge chun cinn ar fud ………..………
(a) an tír (b) na dtíre (c) na tíre (d) na tíortha



| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar**.

**Ceist 3.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos.
(**Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh**.)

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:

(i) An clár teilifíse is fearr liom.
(ii) Corn an Domhain sa Sacar san Afraic Theas 2010.
(iii) Cairde agus comharsana.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

‘Bhí mo bhreithlá ann agus bheartaigh mé cóisir a bheith agam i mo theach féin, cé go raibh mo thuismitheoirí as baile…’

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla duit agus tú amuigh ag siopadóireacht.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

(i) ‘Cuirtear an iomarca béime ar an spórt sna scoileanna.’

(ii) ‘Ba cheart deireadh a chur leis an obair bhaile.’

**D. ALT** (do nuachtán nó d'iris)

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Iarradh ort alt a scríobh d’iris na scoile faoi dhaoine bochta sa tír seo faoi láthair. Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile.

(ii) Tá *Foinse* ag lorg ailt a mbeidh cur síos ann ar na fadhbanna atá ag daoine óga. Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Leathanach Bán